2013. M.101T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2013**

## STAIR – ARDLEIBHÉAL

### RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS LUATH, 1492-1815

**An Scrúdú scríofa: 400 marc**
**An Tuarascáil ar an Staidéar Taighde, a seoladh isteach roimh ré: 100 marc**

### DÉ CÉADAOIN, 12 MEITHEAMH, TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.50

***Treoracha d'iarrthóirí:***
Tabhair faoi na Ranna 1, 2 agus 3 istigh a fhreagairt.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (200 marc)**

Éire: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair dhá cheist, ceann amháin as gach ceann den dá thopaic a roghnaíonn tú.

- **Roinn 3 (100 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Na topaicí 1, 3, 4, 5, 6.
Freagair ceist amháin as topaic amháin.

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

**Creideamh agus cumhacht: polaitíocht sa séú haois déag déanach, 1567-1609**

An cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:
***Misean na nÍosánach sa tSín***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1. (a) Cén chairt i dteach na nÍosánach in Sciauquin ar chuir na Sínigh léannta suim inti, dar le doiciméad A?

   (b) Cé a d'iarr ar Matteo Ricci a chairt a chur ag labhairt Sínise, dar le doiciméad A?

   (c) Cén fáth ar tháirg misean na nÍosánach an dara leabhar ar an Teagasc Críostaí i 1603, dar le Doiciméad B?

   (d) Cén fáth nach raibh aon fhaitíos ar mhórán de na Sínigh roimh eachtrannaigh mar na hÍosánaigh, dar le doiciméad B?

(20)

2. (a) Mínigh na modhanna éagsúla a d'úsáid Matteo Ricci i ndoiciméid A agus B le heolas ar an gcreideamh Críostaí a scaipeadh i measc na Síneach.

   (b) An léiríonn an dá dhoiciméad an spéis a chuir na Sínigh in obair Ricci? Mínigh do fhreagra agus tagairt agat don dá dhoiciméad.

(20)

3. (a) Cad a fhoghlaimímid faoi charachtar Matteo Ricci ó dhoiciméad A? Bíodh tagairt agat do dhoiciméad A mar thacaíocht le do fhreagra.

   (b) Cén láidreacht agus cén laige a bhaineann le doiciméad B mar fhoinse staire dar leat? Mínigh do phointí agus tagairt agat do dhoiciméad B.

(20)

4. Cad iad na dúshláin a raibh ar mhisean na nÍosánach sa tSín aghaidh a thabhairt orthu ina chuid iarrachtaí Sínigh a iompú ina gCríostaithe?

(40)

## - Doiciméad A -

**Is sliocht leasaithe é seo as cíona lae Matteo Ricci ina bhfuil cur síos ar ghníomhaíochtaí mhisean luath na nÍosánach sa tSín. Tá sé ag scríobh anseo faoin mbliain 1584.**

Bhí cairt na cruinne, a rinneadh le litreoireacht Eorpach, ar crochadh ar bhalla an tseomra fáiltithe i dTeach an Mhisin in Sciauquin. Léirigh an dream ba léannta i measc na Síneach an-mheas uirthi agus bhí an-suim acu a leithéid a dhéanamh i Sínis. Mar sin, chuaigh an Gobharnóir i gcomhairle leis an Athair Matthew Ricci agus d'iarr sé air, faoi mar a dúirt sé é, a léarscáil a chur ag labhairt Sínise.

Chuaigh Ricci i mbun oibre ar an bpointe ar an tasc seo nach raibh ag dul i gcoinne na dtuairimí a bhí aige faoi chraobhscaoileadh an tSoiscéil. Rinne sé an chairt nua ar scála níos mó ná an ceann bunaidh le go mbeadh níos mó spáis do charachtair scríofa na Sínise. Chuir sé isteach nótaí breise ag cur síos ar rúndiamhra diaga an chreidimh Chríostaí, nach raibh aon eolas ag na Sínigh orthu roimhe sin. Ar an mbealach seo, bhí súil aige cáil na Críostaíochta a scaipeadh ar fud na Síne.

Ba mhinic a rinneadh athcheartú, atheagar agus athchló ar an staidéar tíreolaíochta seo agus rinne sé a bhealach isteach i gcúirteanna an Ghobharnóra agus an Leasrí agus ar deireadh isteach i bpálás an Rí, ar iarratas uaidh féin.

## - Doiciméad B -

**Is sliocht é seo as an bhfoinse céanna don bhliain 1603.**

Rinne an tAthair Ricci staidéar ar an tSínis agus d'éirigh sé chomh heolach sin ar litríocht na Síne go raibh meas ag aicme liteartha na Síne air. Chuir na hAithreacha a gcéad leabhar ar Theagasc Críostaí ar fáil i 1584 le cabhair ó ateangairí. Rinne an tAthair Ricci athcheartú air i 1603, i bPéicing; bhí míniú níos iomláine ar an Teagasc Críostaí ann. Cuireadh i gcló ceithre huaire é agus foilsíodh é i gcúigí éagsúla. Chuir Fumo Can, duine den aos liteartha, mórán cóipeanna i gcló ar a chostas féin agus thug sé do na hAithreacha iad le dáileadh ar a gcairde.

Bhí duine de na Giúistísí ab airde céim i gCúirt Ríoga Phéicing chomh tógtha sin leis an leabhar nuair a léigh sé é, gur tháinig sé ar cuairt chuig na hAithreacha. Shuigh sé in aice leis an Athair Ricci agus dúirt: "Caithfidh sé gur duine naofa é údar leabhair mar do leabharsa. Ní raibh sé de nós agam riamh, ná nílim ag iarraidh go mbeadh sé de nós agam go deo, a bheith mar namhaid ag fir naofa. Mar sin, iarraim oraibh mo neamhaird roimhe seo a mhaitheamh dom agus tá súil agam go ndéanfaidh mo chuid cairdis amach anseo cúiteamh ar a shon sin. Tá mórán a mhaíonn nach bhfuil faitíos orthu roimh eachtrannaigh cosúil libhse mar go mbeadh sé dodhéanta ag aon duine a leanann bhur gcuid teagaisc, dochar a dhéanamh do leas an phobail."

(Foinse: Tógadh an dá dhoiciméad as Louis J. Gallagher, S. J., *China in the sixteenth century: The Journals of Matthew Ricci: 1583-1610,* Nua-Eabhrac, 1953.)

## ROINN 2: ÉIRE

**Freagair dhá cheist, ceann amháin as gach ceann den dá thopaic thíos a roghnaíonn tú.**

*Éire: Topaic 1*

### Leasú agus Reifirméisean in Éirinn Thúdarach, 1494-1558

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na gnéithe sainiúla a bhain le cultúr agus sochaí na nGael sa séú haois déag luath? (100)
2. Cad iad na láidreachtaí agus na laigí a bhí ag Sliocht Chill Dara in aimsir Ghearóid Mhóir? (100)
3. Cé chomh rathúil, nó a mhalairt, a bhí na polasaithe a lean Anraí VIII in Éirinn? (100)
4. Cad ba chúis le Plandáil Laoise agus Uíbh Fhailí agus cé chomh maith agus a d'éirigh leo siúd a fuair talamh socrú ansin? (100)

*Éire: Topaic 2*

### Éirí amach agus concas in Éirinn i réimeas Eilíse, 1558-1603

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad a d'fhoghlaim tú faoi Éire Ghaelach ón staidéar a rinne tú ar dhuine amháin nó níos mó díobh seo a leanas: Meiler Magrath; Gráinne Ní Mháille; Tadhg Dall Ó hUiginn? (100)
2. Cad iad na bealaí inar chuir talamh agus creideamh le briseadh amach an chogaidh i gCúige Mumhan? (100)
3. Cad iad na gnéithe de Shocrú Eaglasta Eilíse a cuireadh i bhfeidhm in Éirinn agus cé chomh rathúil agus a bhí na polasaithe creidimh seo in Éirinn? (100)
4. Cé acu ba mhó a bhí mar bhagairt do riail Eilíse in Éirinn, Séan Ó Néill nó Aodh Ó Néill? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don bheirt acu. (100)

*Éire: Topaic 3*

### An ríocht in aghaidh na coilíneachta – an streachailt don lámh in uachtar in Éirinn, 1603-1660

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na hathruithe polaitiúla, eacnamaíochta agus creidimh a thug na coilínigh go Cúige Uladh mar thoradh ar Phlandáil Uladh? (100)
2. Cad a d'fhoghlaim tú faoi stair na hÉireann ón staidéar a rinne tú ar cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: Foras Feasa an Chéitinnigh; saothar na gCeithre Máistrí; teistíochtaí 1641? (100)
3. Cén tionchar a bhí ag Plandáil Chromail ar úinéirí talún? (100)
4. Cad iad na róil thábhachtacha a d'imir Lováin agus coláistí Éireannacha eile thar lear i ngnóthaí cultúrtha agus creidimh na hÉireann? (100)

*Éire: Topaic 4*

**Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660-1715**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na príomhcheisteanna ar troideadh fúthu i gCogadh an Dá Rí agus cén fáth ar ghlac an oiread sin saighdiúirí ó mhór-roinn na hEorpa páirt ann? (100)
2. Cad iad na téarmaí a comhaontaíodh ag Conradh Luimnigh agus cé chomh mór agus a cuireadh na téarmaí comhaontaithe i bhfeidhm? (100)
3. Cad iad na nithe ba mhó a bhí ag cur as do William Molyneux ina chuid scríbhinní agus cá mhéad tionchair a bhí ag a chuid paimfléadaíochta polaitiúla? (100)
4. Cad a d'fhoghlaim tú faoi Éirinn na nGael ón staidéar a rinne tú ar na filí Seacaibíteacha agus/nó ar Dháibhí Ó Bruadair? (100)

*Éire: Topaic 5*

**An choilíneacht in aghaidh na ríochta – teannas in Éirinn i lár an ochtú haois déag, 1715-70**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad a d'fhoghlaim tú faoi shochaí agus geilleagar, 1715-1770, ón staidéar a rinne tú ar cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: athrú sa daonra; an práta; bochtaineacht, gorta agus galar? (100)
2. Cad ba chiall leis na Péindlíthe agus cé chomh mór agus a maolaíodh iad, 1715-1770?(100)
3. Conas a chuir struchtúir riarachán an rialtais láir le pribhléid agus le cumhacht teaghlach mar na Ponsonbys? (100)
4. Cad a chuir ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas leis an saol cultúrtha in Éirinn: teacht chun cinn dhrámaíocht Bhaile Átha Cliath; na Cúirteanna Filíochta; Turlach Ó Cairealláin? (100)

*Éire: Topaic 6*

**Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na haidhmeanna polaitiúla a bhí ag Henry Grattan agus cé chomh mór agus a bhain sé amach iad? (100)
2. Cad ba mhian le Wolfe Tone a bhaint amach i bpolaitíocht na hÉireann agus cén fáth ar theip air? (100)
3. Cad iad na príomhfhorbairtí a tharla sa chultúr Seoirseach i gceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: ailtireacht; ealaín; litríocht agus léann? (100)
4. Cad a d'fhoghlaim tú faoi ghnóthaí Caitliceacha ón staidéar a rinne tú ar cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: an tAthair Artúr Ó Laoire; Coláiste Mhaigh Nuad; Nano Nagle? (100)

## ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR
**Freagair ceist amháin as ceann amháin de na topaicí thíos.**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*
### An Eoraip ón Athbheochan go dtí an Reifirméisean, 1492-1567

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na forbairtí a tharla i struchtúr Impireacht Naofa na Róimhe agus/nó i gcaidreamh idirnáisiúnta na Spáinne le linn réimeas Shéarlas V? (100)
2. Conas a chuir Desiderius Erasmus leis an Athbheochan agus leis an Reifirméisean araon? (100)
3. Cén tábhacht a bhí le colscaradh Anraí VIII agus Chaitríona Aragon agus/nó le réimeas Mháire Túdar do Shasana Túdarach? (100)
4. Cé chomh tábhachtach agus a bhí an Ghinéiv maidir le creideamh a bhí eagraithe agus ag leathnú a dhéanamh den Chailvíneachas? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*
### Éiclips na Sean-Eorpa, 1609-1660

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth agus cén chaoi ar fhiosraigh an Chúistiúnacht Galileo agus cén toradh a bhí ar a cuid cinntí? (100)
2. Conas a d'aimsigh an Ísiltír impireacht thar lear agus cé chomh luachmhar agus a bhí an impireacht seo do na Dúitsigh? (100)
3. Conas a chuir polasaithe an Chairdinéil Richelieu le forbairt absalóideacht na Fraince? (100)
4. Conas a chuir duine amháin no níos mó díobh seo a leanas le ceol barócach agus/nó leis an ealaín bharócach: Claudio Monteverdi; Peter Paul Rubens; Gian Lorenzo Bernini? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*
### An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660-1715

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad a bhí John Sobieski ag iarraidh don Pholainn agus cé chomh maith agus a d'éirigh leis a chuid aidhmeanna a bhaint amach? (100)
2. Conas a d'athraigh Comhlacht (Sasanach) na hIndia Thoir láimhseáil na trádála idirnáisiúnta? (100)
3. Le linn na tréimhse 1660-1715, conas a d'fhorbair ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: Gallachánachas; frith-Phápaireacht i Sasana; na hÚgónaigh; an Eaglais Cheartchreidmheach sa Rúis? (100)
4. Cén tábhacht a bhain le Cúirt Versailles agus/nó leis an Turas Mór? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Impireachtaí á mbunú, 1715-1775**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth ar éirigh na coilínigh Meiriceánacha amach i gcoinne riail na Breataine agus cén fhreagairt a rinne na Briotanaigh dó sin? (100)
2. Cé chomh mór agus a d'úsáid Feardorcha Mór smaointe na hEagnaíochta ina riail ar an bPrúis? (100)
3. Cad iad na forbairtí a tharla i dtrádáil idirnáisiúnta agus/nó i dtógáil bóithre agus canálacha le linn na tréimhse 1715-1775? (100)
4. Conas a chabhraigh duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas le scaipeadh smaointe na hEagnaíochta: de Montesquieu; Voltaire; Diderot; Rousseau? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

**Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775-1815**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth ar bhris réabhlóid amach sa Fhrainc i 1789 agus cén fáth nach raibh Louis XVI agus a lucht tacaíochta ábalta í a smachtú? (100)
2. Cén tábhacht a bhain le Bunreacht Sibhialta na Cléire agus/nó le Coiste na Slándála Poiblí don Fhrainc réabhlóideach? (100)
3. Cad a bhain duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas amach: James Madison; Mary Wollstonecraft; Ludwig van Beethoven? (100)
4. Cén seasamh i gcoinne a rialach a bhraith Napoleon sa bhaile agus i gcéin? (100)

Leathanach Bán